2025/2248

7.11.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2248 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Samhain 2025

maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh sa Spáinn agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2076

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 7515)

(Is é an téacs Spáinnise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar tógálach veicteoir-iompartha é ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh a bhíonn ar bhó-ainmhithe. D'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach freisin ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus ar tháirgí na n-ainmhithe sin laistigh den Aontas, agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráig d'ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh i mbó-ainmhithe, tá riosca tromchúiseach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile bó-ainmhithe go háirithe mar gheall ar a mhodh tarchurtha trí veicteoirí.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, le hAirteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 déantar foráil maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm sa chrios srianta sin. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta ar a laghad crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall ar na criosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2076 ón gCoimisiún ([4]) leagtar síos bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh sa Spáinn. Go háirithe, ceanglaítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2076 crios srianta a bhunú, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 sa Bhallstát sin, ar limistéar é nach mór a chuimsiú san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le cosc agus rialú galar liostaithe áirithe (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2076 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2025 maidir le bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh sa Spáinn (IO L, 2025/2076, 13.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/2076/oj).

(5) Ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2076, tá fógra tugtha ag an Spáinn don Choimisiún faoi 16 ráig bhreise d'ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar bó-ainmhithe i réigiúin Alt d'Ampordà, Baix Empordà, Garrotxa, Gironès, Maresme, Osona, Pla de l'Estany, Selva agus Valles Oriental, cúige Girona, i bpobal na Catalóine, ráigeanna a deimhníodh idir an 8 agus an 27 Deireadh Fómhair 2025. Ina theannta sin, tá fógra tugtha ag an bhFrainc faoi 8 ráig d'ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar bó-ainmhithe i limistéir atá ar theorainn phobal na Catalóine, sa Spáinn, le linn na tréimhse céanna. Mar fhreagairt ar na ráigeanna sin, tá criosanna cosanta agus faireachais bunaithe ag an Spáinn i bpobal na Catalóine, ina gcuirtear i bhfeidhm na bearta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(6) Méid na gcriosanna cosanta agus faireachais agus fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin, tá siad bunaithe ar na critéir a leagtar síos in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 freisin. Ar na critéir a chuirtear i bhfeidhm maidir le rogha mhéid na gcriosanna cosanta agus faireachais, chomh maith le fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin, áirítear breithniú ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin, agus ní hamháin sin ach ar thosca eipidéimeolaíocha eile lena n-áirítear paraiméadair gheografacha agus an riosca atá ann maidir le leathadh breise an ghalair. Tá caighdeáin idirnáisiúnta an Chóid um Shláinte na nAinmhithe Talún ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe curtha san áireamh freisin agus fad tréimhse na mbeart dá bhforáiltear sa Chinneadh seo á chinneadh ([5]).

(7) Le Rialachán (AE) 2016/429, agus go háirithe Airteagal 69 de, foráiltear go bhféadfaidh údarás inniúil Ballstáit úsáid a bhaint as vacsaíniú próifiolacsach éigeandála i gcás inar gá le haghaidh rialú éifeachtach galair liostaithe in ainmhithe ar coimeád. Chuige sin, tá an t-údarás inniúil le criosanna vacsaínithe a bhunú agus plean oifigiúil vacsaínithe a chur chun feidhme a chomhlíonann ceanglais shonracha. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 ón gCoimisiún ([6]), lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429, leagtar síos, *inter alia*, na rialacha sonracha atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit agus vacsaíniú próifiolacsach éigeandála á úsáid acu i mbó-ainmhithe chun galar liostaithe a chosc nó a rialú. Leagtar síos leis an Rialachán Tarmligthe sin freisin na coinníollacha faoinar féidir gluaiseachtaí ainmhithe vacsaínithe agus a dtáirgí a cheadú. In Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, leagtar síos coinníollacha sonracha maidir le vacsaíniú próifiolacsach éigeandála in aghaidh ionfhabhtú le galar an chraicinn chnapánaigh.

(8) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/140 ón gCoimisiún ([7]), leagtar síos rialacha maidir le bainc antaiginí, vacsaíní agus imoibrithe diagnóiseacha an Aontais. Go háirithe, le hAirteagal 8 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, leagtar síos na ceanglais nós imeachta agus theicniúla atá ar na Ballstáit rochtain éigeandála ar vacsaíní a iarraidh, lena n-áirítear vacsaíní le haghaidh ghalar an chraicinn chnapánaigh, ó bhainc vacsaíní.

(9) An 8 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Spáinn réamhfhaisnéis faoi bhráid an Choimisiúin maidir lena plean oifigiúil vacsaínithe le haghaidh vacsaíniú próifiolacsach éigeandála in aghaidh ionfhabhtú le galar an chraicinn chnapánaigh, lena soláthraítear mionsonraí maidir le raon feidhme geografach agus riaracháin na gcriosanna vacsaínithe, an líon bunaíochtaí agus ainmhithe atá le vacsaíniú, agus fad an vacsaínithe, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6(4), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361. D'iarr an Spáinn dáileoga leordhóthanacha vacsaíne ó bhanc vacsaíní an Aontais freisin, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/140 chun tús a chur le vacsaíniú próifiolacsach éigeandála sa chrios srianta i gcúige Girona.

([5]) https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/terrestrial-code-online-access/

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le húsáid táirgí íocshláinte tréidliachta áirithe chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 52, 20.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/361/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/140 ón gCoimisiún an 16 Samhain 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bainc antaiginí, vacsaíní agus imoibrithe diagnóiseacha an Aontais (IO L 23, 2.2.2022, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/140/oj).

(10) Leagtar síos in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 na coinníollacha faoina bhfuil an Spáinn le vacsaíniú próifiolacsach éigeandála in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh a chur i bhfeidhm, chomh maith leis na bearta maolaithe riosca atá le déanamh maidir le gluaiseacht ainmhithe agus a dtáirgí ó na criosanna vacsaínithe. I gcomhréir leis na coinníollacha sin, féadfar vacsaíniú a chur chun feidhme i gcriosanna vacsaínithe I nó II, de réir dheimhniú an ionfhabhtaithe le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh.

(11) D'fhéadfadh sé gur ghá cineál, méid agus fad na gcriosanna vacsaínithe a choigeartú i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche atá ag teacht chun cinn agus i bhfianaise dhul chun cinn an fheachtais vacsaínithe, go háirithe agus leibhéal athraitheach an chumhdaigh vacsaíne a baineadh amach á chur san áireamh. Dá réir sin, is gá na dátaí le haghaidh fhad na gcriosanna vacsaínithe a léiriú san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(12) I bhfianaise na staide eipidéimeolaíche atá ann faoi láthair agus an riosca gur féidir le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh leathadh trí bhó-ainmhithe atá ionfhabhtaithe go fochliniciúil, is gá toirmeasc a chur ar ghluaiseacht na n-ainmhithe sin ó aon láthair laistigh de na criosanna cosanta agus faireachais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo chuig cinn scríbe lasmuigh d'imlínte seachtracha na gcriosanna cosanta agus faireachais sin sa Spáinn nó lasmuigh den Bhallstát sin.

(13) Chun aon suaitheadh nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun nach bhforchuirfidh tríú tíortha bacainní gan údar ar thrádáil, na limistéir a shainaithnítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, chomh maith leis an gcrios vacsaínithe, ba cheart na limistéir sin a leagan amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, agus ba cheart fad tréimhse na mbeart sin a cinneadh, i gcomhar leis an mBallstát sin.

(14) Ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart an crios srianta agus an crios vacsaínithe a shainiú go beacht i dtéarmaí a raoin feidhme gheografaigh agus a bhfad tréimhse chun leathadh breise an ghalair sa Spáinn nó chuig Ballstáit eile nó chuig tríú tíortha a chosc. I bhfianaise na staide eipidéimeolaíche, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Chinnidh seo a luaithe is féidir.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2076 a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina ionad.

(16) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunóidh an Spáinn:

(a) crios srianta ina bhfuil na criosanna cosanta agus faireachais i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal sin. Cuimseoidh na criosanna cosanta agus na criosanna faireachais lena mbaineann ar a laghad na limistéir a liostaítear amhlaidh in Iarscríbhinn I;

(b) criosanna vacsaínithe I agus II, i gcomhréir le Cuid 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361, agus faoi na coinníollacha a leagtar síos ann. Cuimseoidh na criosanna vacsaínithe sin ar a laghad na limistéir a liostaítear amhlaidh in Iarscríbhinn II.

(c) ina theannta sin, déanfaidh an Spáinn foráil maidir leis na bearta is gá a chur i bhfeidhm sna criosanna cosanta agus sna criosanna faireachais, agus i gcriosanna vacsaínithe I agus II, dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den Airteagal seo faoi seach, atá le cur i bhfeidhm ar a laghad go dtí na dátaí a liostaítear sna hIarscríbhinní.

Airteagal 2

Cuirfidh an Spáinn toirmeasc ar ghluaiseachtaí bó-ainmhithe ó na criosanna cosanta agus faireachais a leagtar amach in Iarscríbhinn I chuig ceann scríbe atá suite lasmuigh d'imlíne sheachtrach na gcriosanna cosanta agus faireachais sin nó lasmuigh den Bhallstát sin go dtí na dátaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 3

Leis seo, aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2076.

Airteagal 4

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar an ráig dheimhnithe

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
Réigiúin Alt d'Ampordà, Baix Empordà, Garrotxa, Girones, Maresme, Osona, Pla de l'Estany, Selva and Valles Oriental ES-LSD-2025-00001 ES-LSD-2025-00002 ES-LSD-2025-00003 ES-LSD-2025-00004 ES-LSD-2025-00005 ES-LSD-2025-00006 ES-LSD-2025-00007 ES-LSD-2025-00008 ES-LSD-2025-00009 ES-LSD-2025-00010 ES-LSD-2025-00011 ES-LSD-2025-00012 ES-LSD-2025-00013 ES-LSD-2025-00014 ES-LSD-2025-00015 ES-LSD-2025-00016 ES-LSD-2025-00017 ES-LSD-2025-00018	Protection zone: The following municipalities from the region of Alt d'Ampordà: — Agullana — Albanyà — Armentera (L') — Avinyonet de Puigventós — Bàscara — Biure — Boadella i les Escaules — Borrassà — Cabanelles — Cabanes — Cadaqués — Cantallops — Capmany — Castelló d'Empúries — Cistella — Colera — Darnius — Escala (L') — Espolla — Far d'Empordà (El) — Figueres — Fortià — Garrigàs — Garriguella — Jonquera (La) — Lladó — Llançà — Llers — Maçanet de Cabrenys — Masarac — Mollet de Peralada — Navata — Ordis — Palau de Santa Eulàlia — Palau-saverdera — Pau — Pedret i Marzà — Peralada — Pont de Molins — Pontós — Port de la Selva (El) — Portbou — Rabós — Riumors — Roses — Sant Climent Sescebes — Sant Llorenç de la Muga — Sant Miquel de Fluvià — Sant Mori — Sant Pere Pescador — Santa Llogaia d'Àlguema — Saus, Camallera i Llampaies — Selva de Mar (La) — Siurana	5.12.2025

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	— Terrades — Torroella de Fluvià — Vajol (La) — Ventalló — Vilabertran — Viladamat — Vilafant — Vilajuïga — Vilamacolum — Vilamalla — Vilamaniscle — Vilanant — Vila-sacra — Vilaür The following municipalities from the region of Baix Empordà: — Albons — Bellcaire d'Empordà — Bisbal d'Empordà (La) — Calonge — Castell-Platja d'Aro — Colomers — Corçà — Cruïlles, Monells i Sant Sadurní de l'Heura — Foixà — Forallac — Garrigoles — Jafre — Palamós — Pera (La) — Rupià — Sant Feliu de Guíxols — Santa Cristina d'Aro — Serra de Daró — Tallada d'Empordà (La) — Torroella de Montgrí — Ullà — Ultramort — Vall-llobrega — Verges — Vilopriu The following municipalities from the region of Garrotxa: — Beuda — Maià de Montcal The following municipalities from the region of Girones: — Aiguaviva — Bescanó — Bordils — Campllong — Canet d'Adri — Cassà de la Selva — Celrà — Cervià de Ter — Flaçà — Fornells de la Selva — Girona — Juià — Llagostera — Llambilles — Madremanya	

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	— Quart — Salt — Sant Andreu Salou — Sant Gregori — Sant Joan de Mollet — Sant Jordi Desvalls — Sant Julià de Ramis — Sant Martí de Llémena — Sant Martí Vell — Sarrià de Ter — Vilablareix — Viladasens The following municipalities from the region of Maresme: — Torderes The following municipalities from the region of Pla de l'Estany: — Banyoles — Cornellà del Terri — Crespià — Esponellà — Fontcoberta — Palol de Revardit — Serinyà — Vilademuls The following municipalities from the region of Selva: — Anglès — Blanes — Brunyola — Caldes de Malavella — Fogars de la Selva — Lloret de Mar — Maçanet de la Selva — Massanes — Riudarenes — Riudellots de la Selva — Sant Julià del Llor i Bonmatí — Santa Coloma de Farners — Sils — Tossa de Mar — Vidreres — Vilobí d'Onyar	
	Surveillance zone: The following municipalities from the region of Alt d'Ampordà: — Agullana — Albanyà — Armentera (L') — Avinyonet de Puigventós — Bàscara — Biure — Boadella i les Escaules — Borrassà — Cabanelles — Cabanes — Cadaqués — Cantallops — Capmany — Castelló d'Empúries — Cistella	6.12.2025 – 22.12.2025

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	— Colera — Darnius — Escala (L') — Espolla — Far d'Empordà (El) — Figueres — Fortià — Garrigàs — Garriguella — Jonquera (La) — Lladó — Llançà — Llers — Maçanet de Cabrenys — Masarac — Mollet de Peralada — Navata — Ordis — Palau de Santa Eulàlia — Palau-saverdera — Pau — Pedret i Marzà — Peralada — Pont de Molins — Pontós — Port de la Selva (El) — Portbou — Rabós — Riumors — Roses — Sant Climent Sescebes — Sant Llorenç de la Muga — Sant Miquel de Fluvià — Sant Mori — Sant Pere Pescador — Santa Llogaia d'Àlguema — Saus, Camallera i Llampaies — Selva de Mar (La) — Siurana — Terrades — Torroella de Fluvià — Vajol (La) — Ventalló — Vilabertran — Viladamat — Vilafant — Vilajuïga — Vilamacolum — Vilamalla — Vilamaniscle — Vilanant — Vila-sacra — Vilaür The following municipalities from the region of Baix Empordà: — Albons — Bellcaire d'Empordà — Bisbal d'Empordà (La) — Calonge — Castell-Platja d'Aro — Colomers — Corçà	

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	— Cruïlles, Monells i Sant Sadurní de l'Heura — Foixà — Forallac — Garrigoles — Jafre — Palamós — Pera (La) — Rupià — Sant Feliu de Guíxols — Santa Cristina d'Aro — Serra de Daró — Tallada d'Empordà (La) — Torroella de Montgrí — Ullà — Ultramort — Vall-llobrega — Verges — Vilopriu The following municipalities from the region of Garrotxa: — Beuda — Maià de Montcal The following municipalities from the region of Girones: — Aiguaviva — Bescanó — Bordils — Campllong — Canet d'Adri — Cassà de la Selva — Celrà — Cervià de Ter — Flaçà — Fornells de la Selva — Girona — Juià — Llagostera — Llambilles — Madremanya — Quart — Salt — Sant Andreu Salou — Sant Gregori — Sant Joan de Mollet — Sant Jordi Desvalls — Sant Julià de Ramis — Sant Martí de Llémena — Sant Martí Vell — Sarrià de Ter — Vilablareix — Viladasens The following municipalities from the region of Maresme: — Torderes The following municipalities from the region of Pla de l'Estany: — Banyoles — Cornellà del Terri — Crespià — Esponellà — Fontcoberta — Palol de Revardit	

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	— Serinyà — Vilademuls The following municipalities from the region of Selva: — Anglès — Blanes — Brunyola — Caldes de Malavella — Fogars de la Selva — Lloret de Mar — Maçanet de la Selva — Massanes — Riudarenes — Riudellots de la Selva — Sant Julià del Llor i Bonmatí — Santa Coloma de Farners — Sils — Tossa de Mar — Vidreres — Vilobí d'Onyar	
	Surveillance zone: The following municipalities from the region of Baix Empordà — Begur — Fontanilles — Gualta — Mont-ras — Palafrugell — Palau-sator — Pals — Parlavà — Regencós — Torrent — Ullastret The following municipalities from the region of Garrotxa: — Argelaguer — Besalú — Castellfollit de la Roca — Mieres — Montagut i Oix — Olot — Planes d'Hostoles (Les) — Preses (Les) — Riudaura — Sales de Llierca — Sant Aniol de Finestres — Sant Feliu de Pallerols — Sant Ferriol — Sant Jaume de Llierca — Sant Joan les Fonts — Santa Pau — Tortellà — Vall de Bianya (La) — Vall d'en Bas (La) The following municipalities from the region of Maresme: — Arenys de Mar — Arenys de Munt — Argentona — Caldes d'Estrac	22.12.2025

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	— Calella — Canet de Mar — Dosrius — Malgrat de Mar — Mataró — Palafolls — Pineda de Mar — Sant Andreu de Llavaneres — Sant Cebrià de Vallalta — Sant Iscle de Vallalta — Sant Pol de Mar — Sant Vicenç de Montalt — Santa Susanna The following municipalities from the region of Osona: — Brull (El) — Calldetenes — Espinelves — Folgueroles — Gurb — Malla — Manlleu — Masies de Roda (Les) — Roda de Ter — Rupit i Pruit — Sant Julià de Vilatorta — Sant Pere de Torelló — Sant Sadurní d'Osormort — Santa Eugènia de Berga — Santa Maria de Corcó — Seva — Taradell — Tavèrnoles — Tavertet — Tona — Vic — Vidrà — Viladrau — Vilanova de Sau The following municipalities from the region of Pla de l'Estany: — Camós — Porqueres — Sant Miquel de Campmajor The following municipalities from the region of Pla de l'Estany: — Camprodon — Molló — Sant Pau de Segúries The following municipalities from the region of Selva: — Amer — Arbúcies — Breda — Cellera de Ter (La) — Hostalric — Osor — Riells i Viabrea — Sant Feliu de Buixalleu — Sant Hilari Sacalm — Susqueda	

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	The following municipalities from the region of Valles Oriental: — Aiguafreda — Campins — Cànoves i Samalús — Cardedeu — Figaró-Montmany — Fogars de Montclús — Franqueses del Vallès (Les) — Garriga (La) — Gualba — Llinars del Vallès — Montseny — Roca del Vallès (La) — Sant Antoni de Vilamajor — Sant Celoni — Sant Esteve de Palautordera — Sant Pere de Vilamajor — Santa Maria de Palautordera — Tagamanent — Vallgorguina — Vilalba Sasserra	
Réigiún Occitania, an Fhrainc FR-LSD-2025-00084 FR-LSD-2025-00085 FR-LSD-2025-00086 FR-LSD-2025-00088 FR-LSD-2025-00089 FR-LSD-2025-00090 FR-LSD-2025-00093 FR-LSD-2025-00094	Protection zone: The following municipalities from the region of Ripolles: — Campelles — Llanars — Ogassa — Pardines — Planoles — Queralbs — Ribes de Freser — Setcases — Toses — Vilallonga de Ter The following municipalities from the region of Cerdanya: — Llívia	27.11.2025
	Surveillance zone: The following municipalities from the region of Ripolles: — Campelles — Llanars — Ogassa — Pardines — Planoles — Queralbs — Ribes de Freser — Setcases — Toses — Vilallonga de Ter The following municipalities from the region of Cerdanya: — Llívia	28.11.2025 - 14.12.2025
	Surveillance zone: The following municipalities from the region of Alt Urgell: — Cava — Josa i Tuixén — Pont de Bar (El)	14.12.2025

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	The following municipalities from the region of Bergueda: — Bagà — Berga — Borredà — Castell de l'Areny — Castellar de n'Hug — Cercs — Fígols — Gisclareny — Gósol — Guardiola de Berguedà — Nou de Berguedà (La) — Olvan — Pobla de Lillet (La) — Quar (La) — Sagàs — Saldes — Sant Jaume de Frontanyà — Sant Julià de Cerdanyola — Santa Maria de Merlès — Vallcebre — Vilada The following municipalities from the region of Cerdanya: — Alp — Bellver de Cerdanya — Bolvir — Das — Fontanals de Cerdanya — Ger — Guils de Cerdanya — Isòvol — Lles de Cerdanya — Meranges — Montellà i Martinet — Prats i Sansor — Prullans — Puigcerdà — Riu de Cerdanya — Urús The following municipalities from the region of Osona: — Alpens — Lluçà — Masies de Voltregà (Les) — Montesquiu — Olost — Orís — Perafita — Sant Agustí de Lluçanès — Sant Boi de Lluçanès — Sant Hipòlit de Voltregà — Sant Martí d'Albars — Sant Quirze de Besora — Sant Vicenç de Torelló — Santa Cecília de Voltregà — Santa Maria de Besora — Sobremunt — Sora — Torelló	

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
	The following municipalities from the region of Ripolles: — Campdevànol — Gombrèn — Llosses (Les) — Ripoll — Sant Joan de les Abadesses — Vallfogona de Ripollès	

IARSCRÍBHINN II

Crios vacsaínithe II

Na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn I go dtí lá deiridh na tréimhse athshlánaithe dá dtagraítear i gCuid 4 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361.

Crios vacsaínithe I

Na limistéir seo a leanas go dtí lá deiridh na tréimhse athshlánaithe dá dtagraítear i gCuid 4 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361:

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe I
Pobail Catalunya agus Aragón	The entire territory of the regions of Pla d'Urgell, La Noguera, Segarra, Anoia, Alt Penedès, Garraf, Baix Llobregat, Barcelonès, Vallès Occidental, Bages, Moianès, Solsonès, Pallars Jussà, Pallars Sobirà, Alta Ribagorça, Vall d'Aran, Alt Urgell, the parts of Cerdanya, Berguedà, Osona, Vallès Oriental and Maresme not included in Zone II, all in the Autonomous Community of Catalunya The following municipalities from the region of Segrià (Autonomous Community of Catalunya) — Alamús, — Alcoletge, — Alfarràs, Alguaire, — Almenar, — Almacelles, — Alpicat, — Benavent de Segrià, — Corbins, — Lleida, — Portella, — Rosselló, — Torrefarrera, — Torre-serona, — Vilanova de la Barca — Vilanova de Segrià The following municipalities in the region of Tamarite de Litera (Autonomous Community of Aragón): — Albelda, — Alcampell, — Altorricón, — Baélls, — Baldellou, — Camporrélls, — Castillonroy, — Tamarite de Litera The following municipalities in the region of Graus (Autonomous Community of Aragón): — Arén, — Benabarre, — Beranuy, — Campo, — Capella, — Castigaleu, — Estopiñán del Castillo, — Foradada del Toscar, — Graus, — Isábena, — Lascuarre, — Monesma y Cajigar, — Perarrúa, — La Puebla de Castro, — Secastilla, — Sopeira,

Limistéar riaracháin	Crios vacsaínithe I
	— Tolva, — Torre la Ribera, — Valle de Bardají, — Valle de Lierp, — Viacamp y Litera The following municipalities in the region of Castejón de Sos (Autonomous Community of Aragón): — Benasque, — Bisaurri, — Bonansa, — Castejón de Sos, — Chía, — Laspaúles, — Montanuy, — Sahún, — Seira, — Sesué — Villanova